



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2016
TORTHAÍ
www.cso.ie

Preas Ráiteas **Press Statement**

Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2016

Fás ar dhaonra na tíre go 4.76 milliún in 2016

Foilsítear inniu na chéad torthaí de Dhaonáireamh 2016. Is é réamhfhigiúr an daonra de réir an áirimh a rinneadh Oíche an Daonáirimh, Domhnach an 24ú Aibreán 2016, ná 4,757,976 duine. Tagann sé seo i gcomparáid leis an daonra de 4,588,252 duine a bhí ann i mí Aibreáin 2011; méadú de 169,724 duine nó 3.7% ar an daonra ó 2011 i leith.

Tá na chéad torthaí faoi thithíocht agus faoi aonaid chónaithe fholmha san fhoilseachán seo chomh maith. Léirítear ann go bhfuil fás de 49,285 tagtha ar líon na dtithe áitithe ar fhigiúirí Aibreán 2011, agus go bhfuil laghdú de 29,889 tagtha ar líon na n-aonad chónaithe folamh sa tréimhse chéanna.

Mar a mhínigh Brendan Murphy, Staitisteoir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (POS), “fiú leis an méadú beag atá tagtha ar líon na dtithe saoire (1,809 aonad breise), tá laghdú de bheagnach 14 faoin gcéad, ionann agus 31,700 aonad, tagtha ar líon na n-aonad chónaithe folamh eile ó mhí Aibreáin 2011. Feictear na laghduithe seo mórthimpeall na hÉireann, leis na laghduithe is mó i gCeatharlach agus i mBaile Átha Cliath. Tá na sonraí ar fad maidir le tithíocht, tithe saoire agus aonaid chónaithe fholmha eile anois ar fáil ar shuíomh idirlín an POS i léarscáil idirghníomhach atá éasca le húsáid agus mholfaimis do lucht an phobail cuairt a thabhairt air agus breathnú ar na torthaí don a gceantair féin. Ba mhaith leis an POS an deis seo a ghlacadh chun ar mbuíochas a ghabháil do shealbhóirí tí as ucht a gcomhoibriú thar cionn le linn dhaonáireamh 2016”.

Athruithe Daonra

Bhí codarsnacht mhór ann i measc na gcontaetha ó thaobh athrú daonra de. Bhí fás os cionn 8 faoin gcéad ann i bhFine Gall ag an mbuaicphointe agus laghdú de 1.5 faoin gcéad ann i nDún na nGall ag an bpointe ab ísle. I measc na gcontaetha is mó fáis, bhí na ceithre ceantair riaracháin i mBaile Átha Cliath, contaetha sa chrios comaitéireachta - an Mhí, Cill Dara agus Laois - chomh maith le Cathair Chorcaí agus Cathair na Gaillimhe.

Fad is a tháinig fás éigean ar dhaonra mhóiraimh na gcontaetha, tháinig laghdú ar an daonra in 3 contae thar tréimhse na cúig bliana. Is iad Dún na nGall (-1.5%), Maigh Eo (-0.2%) agus Sligeach (-0.1%).

Tithíocht agus Aonaid Chónaithe Fholmha

Tháinig ardú de bheagán os cionn 49,000 ar líon na n-aonad chónaithe áitithe, méadú de 3 faoin gcéad. Os rud é go raibh méadú 3.7 faoin gcéad ar an daonra thar tréimhse na cúig bliana, tá an fás i líon na dteaghlach tite siar i gcomparáid le fás ginearálta an daonra idir 2011 agus 2016.

Tá laghdú de 29,889 aonad (13.8%) tagtha ar líon na n-aonad folamh go 259,562. Tá an ráta d'aonaid fholmha tite chomh maith go 12.8 faoin gcéad. Tháinig mionardú chomh maith ar líon na dtithe saoire (atá mar sciar de na aonaid fholmha) idir 2011 agus 2016, ó 59,395 go 61,204 aonad.

Fiú gur méadú fánach a tháinig ar líon na dtithe saoire folmha ar an iomlán (1809 aonad), ba shuntasach an méadú i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ó 322 teach saoire folmha in 2011 go 937 cinn in 2016; méadú de 190 faoin gcéad.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000



+353 21 453 5555

information@cso.ie
www.cso.ie

Imirce

Tá figiúr measta don imirce glan, a áirítear mar mhéadú iomlán an daonra (169,724) lúide an méadú nádúrtha (198,282), de -28,558 ann thar tréimhse na cúig bliana 2011 go 2016. I gcomparáid leis seo, bhí inimirce glan de 115,800 ann thar tréimhse na cúig bliana roimhe sin.

Bhí éagsúlacht mhór ó thaobh imirce glan de timpeall na hÉireann, le -6,731 i nDún na nGall ag an bpointe ab ísle agus 7,257 i gCathair Bhaile Átha Cliath ag an mbuaicphointe. Chonacthas Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí (4,380) agus an ceantar riaracháin Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (4,006) amháin.

Dúirt an tUasal Murphy ar deireadh, “Tá na torthaí luatha seo bunaithe ar an gcomhaireamh achoimre do gach ceantar áirimh a chuir na 4,663 áiritheoirí le chéile. Cuireadh na hachoirí cléireachais ar ais chuig an bPOS roimh na foirmeacha daonáirimh agus tá na torthaí atá foilsithe inniu bunaithe ar an eolas sin. Rinne na háiritheoirí sár obair leis na hachoirí a chur ar ais chugainn, rud a thug deis dúinn na torthaí luatha seo maidir leis an daonáireamh a ullmhú. Ba mhaith linn ár mbuíochoas a ghabháil don fhoireann ar fad sna ceantair as an obair chrua ar fad a rinneadar, as a mbuianseasamh le linn na hoibre a cuireadh i gcrích sna ceantair agus ach go háirithe as an t-eolas a bhailigh siad d’fhoilseachán an lae inniu. Tá scanadh agus próiseáil ar an dhá mhíilliún foirm dhaonáirimh faoi lán seoil agus beidh na chéad torthaí cinnititheacha ar fáil i mí Márta seo chugainn, laistigh de bhliain ó lá an daonáirimh.”

Cóipeanna den fhoilseachán:

Is féidir teacht ar an bhfoilseachán iomlán, agus é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Phríomh-Oifig Staidrimh ag www.cso.ie/en/baile/daonaireamh/

Pointí teagmhála i gcomhar tuilleadh eolais:

Brendan Murphy (01) 895 1329

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoird, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facsimhir: (01) 895 1399

Ríomhphost: census@cso.ie

Suíomh Gréasáin: <http://www.cso.ie/en/baile/>

Tá tuilleadh eolais faoi Dhaonáireamh 2016 le fáil ar <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpr/censusofpopulation2016-preliminaryresults/>

Nótaí d’eagarthóirí:

- ◆ Tógadh Daonáireamh 2016 ar an Domhnach, 24ú Aibreán.
- ◆ Bhí Daonáireamh 2016 mar an 27ú daonáireamh ar Éirinn. Tógadh an chéad ceann in 1821. Bhí daonáireamh gach deich mbliana ina dhiaidh sin go dtí 1946 (le briseadh idir 1911 agus 1926) agus tá ceann tar éis a bheith tógtha gach cúig bliana ó 1951 ar aghaidh.
- ◆ Tá na réamhthorthaí mar an gcéad áireamh den daonáireamh. Foilseofar tuilleadh torthaí ar bhonn céimnithe le linn 2017 de réir mar a chuirtear áirimh orthu i gcríoch. Tá an chéad ceann acu seo - ‘Seo í Éire, Cuid 1 - Príomhthorthaí Déimeagrafacha’ - le foilsiú i mí an Mhárta 2017.
- ◆ Ba ‘daonáireamh gan athrú’ é Daonáireamh 2016; ní raibh aon cheisteanna nua ann. É sin ráite, rinneadh leasú ar an gceist faoi stádas pósta, chun páirtnéireachtaí sibhialta comhghnéis a thabhairt san áireamh agus rinneadh mionleasuithe ar roinnt cheisteanna eile.